# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

***SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2013***

---

## STAIR - ARDLEIBHÉAL

(**NÁ** cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

---

*FOINSÍ*

---

## 1. PICTIÚIR

***PICTIÚR A.***



Foinse: gurneyjourney.blogspot.com

***PICTIÚR B.***



Foinse : www.art.com

***PICTIÚR C.***



Foinse: crawfordartgallery.ie

## 2. DOICIMÉID

**DOICIMÉAD 1**

**Déanann William Lithgow cur síos ar fheic an auto da fé (loscadh ag an stáca) pionós a cuireadh i bhfeidhm ar ordú ó Chúistiúnacht na Spáinne le linn an séú céad déag.**

Ardaíodh scafall ard sa chearnóg mhór. Ón seacht ar maidin go dtí go raibh sé ina thráthnóna, tugadh coirpigh den dá ghnéas ann. Bhí a gcuid príosúnach curtha anseo ag na Cúistiúnachtaí ar fad sa ríocht. Tugadh ordú fiche fear agus bean [Protastúnaigh sa chás seo] agus Moslamach amháin a loscadh. Gearradh téarma fhada sa phríosún ar leathchéad Giúdach agus Banghiúdach nár cuireadh i bpríosún riamh roimhe sin agus bhí orthu caipín buí a chaitheamh. Cuireadh mar phianbhreith ar dheichniúr eile go ndéanfaí iad a sciúrsáil agus ansin iad a chur chuig na rámhlonga. Is daoine iad seo a raibh biogamacht, draíocht agus coireanna eile curtha ina leith.

Tá na stácaí... thart ar 12 throigh ar airde. Téann siad siúd atá daortha suas dréimire idir bheirt sagart, a chaitheann beagnach 15 nóiméad ag iarraidh a chur ina luí orthu réiteach a dhéanamh le heaspagóideacht na Róimhe [an Pápa]. Nuair a dhiúltaíonn said, tagann na sagairt anuas agus ceanglaíonn an básadóir don stáca le slabhraí iad, agus fágann iad. Ansin téann na sagairt suas an dara huair chun iad a ghríosú arís; agus mura mbíonn aon éifeacht acu, deir siad leo "go bhfágann siad ag an Diabhal iad, atá ina sheasamh ag a nguaillí chun glacadh lena n-anamacha, agus iad a thabhairt leis chuig lasracha thinte ifrinn". Scairteann na daoine amach ansin "Déantar féasóga na madraí!" rud a chiallaíonn, loisc a gcuid féasóg. Déantar é seo le craobhacha lasta, a bhrúitear i gcoinne a gcuid aghaidheanna le pollaí fada. Déantar an bharbarthacht seo arís agus arís nó go mbíonn a n-aghaidheanna dóite. Cuirtear tine leis na stácaí ansin agus loisctear na coirpigh sna lasracha.

Ba mhór an t-iontas an chrógacht a léirigh an 21 fear agus bean agus an bás gránna á fhulaingt acu; sháigh cuid acu a lámha agus a gcosa isteach sna lasracha go cróga agus go neamheaglach. Ghlac siad ar fad chomh fonnmhar sin leis an méid a bhí i ndán dóibh go raibh alltacht ar an lucht féachana agus gur cheap mórán díobh gur mhór an trua é nach raibh daoine a bhí chomh cróga sin níos eagnaí.

www.conservapedia.com/Spanish_Inquisition

**DOICIMÉAD 2**

**An óráid a thug an Taoiseach, Jack Lynch, don náisiún mar fhreagairt do na droch-chíréibeacha agus do na himeachtaí foréigneacha i dTuaisceart Éireann le linn shamhradh na bliana 1969, a craoladh ar Theilifís RTÉ, 13 Lúnasa 1969.**

Is le fíorbhrón a chuala mé faoi na himeachtaí tragóideacha i nDoire agus in áiteanna eile sa Tuaisceart le laethanta beaga anuas. Tá a n-imní faoi na himeachtaí seo curtha in iúl ag Éireannaigh i ngach páirt den oileán seo. Tá fórsaí an tseicteachais agus na claontachta imithe chun cinn ar spiorad an leasaithe agus ar an gcomhoibriú idir phobail. Caithfidh sé go gcuireann an chéim siar seo i gcúrsaí díomá agus brón orthu siúd ar fad a bhfuil dea-mhéin acu.

Is mian liom a rá arís go gcáinimid seicteachas agus éadulaingt de gach cineál. Tá sé follasach nach bhfuil smacht ag rialtas Stormont ar chúrsaí a thuilleadh. Tá sé follasach, freisin, nach féidir le rialtas na hÉireann seasamh i leataobh níos mó agus daoine neamhurchóideacha a fheiceáil á ngortú agus níos measa ná sin, b'fhéidir.

Tá sé soiléir nach nglactar leis an RUC a thuilleadh mar fhórsa póilíneachta neamhchlaon. Ní bheadh úsáid trúpaí Briotanacha inghlactha ach oiread ná ní dócha go gcuirfidís an tsíocháin i réim arís. Dá bhrí sin, d'iarr rialtas na hÉireann ar rialtas na Breataine iarratas a dhéanamh ar an bpointe chuig na Náisiúin Aontaithe chun fórsa síochána a chur ar bhun práinne chuig na sé chontae i dTuaisceart Éireann. Chomh maith leis sin, d'iarramar ar rialtas na Breataine féachaint chuige go stopfaidh ionsaithe na bpóilíní ar mhuintir Dhoire láithreach.

***Great Irish Speeches, Richard Aldous, Quercus, 2007.***